



*'Formative assessment is the process of seeking and interpreting evidence for use by learners and their teachers to decide where the learners are in their learning, where they need to go and how best to get there'*

...Assessment Reform Group (2002)

# Soiléiriú a dhéanamh ar an bhFoghlaim Bheartaithe

Intinní foghlama agus critéir ratha

## CAD É?

**Bíonn INTINNÍ FOGHLAMA** simplí, soiléir agus ailínithe leis na torthaí foghlama

- Tugann siad le fios do scoláirí...
- cad é a bhfuil siad chun foghlaim faoi
- cén fáth ar chóir dóibh é a fhoghlaim ar an gcéad dul síos

**Déantar CRITÉIR RATHA** a chomhchruthú, de réir mar is cuí, agus cuirtear in iúl iad i dteanga atá sothuigthe ag an scoláire chun caighdeán agus ionchais na hoibre a shoiléiriú

Tugann siad le fios do scoláirí...

- conas a aithneoidh siad nuair a éireoidh leo

## MAR SIN cad é an fhuaim a bheadh air sin i seomra an Cheoil?

**Intinní foghlama...**

- díreoidh siad ar an bhfoghlaim atá beartaithe laistigh de thorthaí foghlama roghnaithe seachas ar an méid a bheas scoláirí a dhéanamh. Is é sin le rá, an méid a bheas foghlamtha ag scoláirí faoi dheireadh an cheachta/aonaid
- is féidir iad a chruthú don aonad foghlama ar fad agus nuair is gá iad a bhriseadh síos do cheachtanna aonair
- d'fhéadfaí iad a scríobh ar an gclár agus/nó a roinnt ó bhéal ag tús an ranga agus/nó a phostáil ar chlár na bhfógraí agus/nó a thabhairt amach do na scoláirí agus/nó na nithe thuas ar fad; An rud is tábhachtaí ná go roinntear agus go dtuigeann gach duine na hintinní foghlama
- beidh siad leathan go leor ionas nach gcuirfidh siad srian leis an réimse leathan eispéiris foghlama

**Seiceáil le haghaidh Tuisceana**

Scoláirí a mhealladh i ngníomhaíocht SMAOINIGH-PÉIREÁIL-ROINN chun plé a dhéanamh ar cad é an sprioc dheiridh, an fhoghlaim a chaithfidh tarlú a aithint agus cur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar an rath

**Critéir Ratha**

- déanfaidh siad nasc i gcónaí leis na hintinní foghlama
- beidh siad mar bhunús le haiseolas, piarmheasúnú agus féinmheasúnú
- brisfidh siad síos na hintinní foghlama agus déanfar an fhoghlaim a scafláil agus na scoláirí ag plé leis na tascanna
- cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi chaighdeán foghlama na scoláirí
- beidh siad leathan go leor ionas go mbeidh an fhoghlaim indéanta ag cách

Le haghaidh tuilleadh straitéisí íoslódáil
[Leabhráin Díriú ar an bhFoghlaim CNCM]




**Roinn cur chuige eile a oibríonn duit i do sheomra ceoil**

## AGUS CAD É ANOIS?

- Cá mhinice a thugaim/mid athchuairt ar intinní foghlama le linn agus ag deireadh na foghlama?
- Conas a chruthaím/mid intinní foghlama atá leathan go leor ionas nach gcuirfidh siad srian leis an réimse leathan eispéiris foghlama?
- Cad iad na deiseanna is féidir liom/linn a thabhairt do scoláirí chun na critéir ratha a chomhchruthú?